



PREASÉISIÚINT Uimh. 9/25

Lucsamburg, an 3 Feabhra 2025

Ordú na Cúirte Ghinearálta i gCás T-1126/23 | Asociația Inițiativa pentru Justiție v an Coimisiún

An Smacht Reachta: díbhtear an chaingean ó chomhlachas gairmiúil ionchúisitheoirí Rómánacha i gcoinne Cinneadh ón gCoimisiún lena n-aisghairtear an Cinneadh lena mbunaítear an sásra comhair agus fíorúcháin toisc í a bheith do-ghlactha

Leis an ordú do-ghlacthachta seo, glacann an Chúirt Ghinearálta seasamh, go háirithe, ar cheist nua maidir leis an ghaoil idir prionsabal na héifeachta díri agus coinníoll na hinghlacthachta a bhaineann le cúram díreach duine nádúrtha nó dhlítheanaigh le cinneadh is ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú arna tionscnamh faoin gceathrú fómhír d'Airteagal 263 CFAE.

Tagann an cás seo chun cinn i gcomhthéacs athchóiriú mór i réimsí na mbreithiúna agus an chomhraic i gcoinne an éillithe sa Rómáin, a ndearnadh faireachán air ar leibhéal an Aontais ó 2007 faoin sásra comhair agus fíorúcháin (SCF). Leis an sásra sin, arna bhunú le Cinneadh 2006/928 ¹, bhí sé d'aidhm faireachán a dhéanamh ar na hathchóirithe arna ndéanamh ag an Rómáin chun na tagarmharcanna a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo a chomhlíonadh (na 'tagarmharcanna'). Socraíodh na tagarmharcanna sin d'fhonn aontachas an Stáit seo leis an Aontas a chur i gcrích, trí na heasnamh a shainaithin an Coimisiún Eorpach roimh an aontachas a leigheas. An 15 Meán Fómhair 2023, agus é á mheas gur chomhlíon an Rómáin na tagarmharcanna sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2023/1786 ² ('an cinneadh atá faoi chonspóid'), lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928, a chuir deireadh le SCF.

Rinne Asociația Inițiativa pentru Justiție, comhlachas gairmiúil ionchúisitheoirí Rómánacha arb é is cuspóir dó urraim do luach an smachta reachta sa Rómáin a áirithiú, pléadail i gcoinne an chinidh aisghairthe sin os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, ag maíomh go mbaineann deireadh an SCF díreach dá chomhaltaí, sa mhéid is, in éagmais an tsásra sin, go bhféadfadh iad a nochtadh níos mó d'imeachtaí araíonachta. Rinne an Coimisiún pléadail maidir le do-ghlacthacht, agus é á mheas nach raibh baint díreach ag an gcinneadh leis an gcomhlachas iarratasóra ná lena chomhaltaí.

Ina hordú, **díbheann an Chúirt Ghinearálta an chaingean le haghaidh neamhniú toisc í a bheith do-ghlactha, ós rud é nach bhfuil aon seasamh ag an gcomhlachas iarratasóra chun imeachtaí a thionscnamh ina ainm féin nó thar ceann na n-ionchúisitheoirí a bhfuil a leasanna á gcosaint aige.**

I gcomhthéacs na hanailíse ar an gceist an bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh atá faoi chonspóid go díreach ar staid na n-ionchúisitheoirí atá ina gcomhaltaí den chomhlachas iarratasóra, tugann an Chúirt faoi deara ag an tús, **a mhéid a aisghaireadh Cinneadh 2006/928 leis an gcinneadh sin, nach mór é a scrúdú i bhfianaise a phríomhaidhm agus hábhar agus an chomhthéacs dlíthiúil agus fíorasach inar glacadh Cinneadh 2006/928.** Leanann sé go bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar staid ionchúisitheoirí na Rómáine ach amháin sa mhéid go bhféadfadh éifeachtaí den sórt sin a bheith ag Cinneadh 2006/928 é féin.

Ní ceart é sin, áfach. Go deimhin, **is léir ó Chinneadh 2006/928 go raibh a éifeachtaí teoranta don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Rómáin**, gan an cinneadh sin a bheith dírithe go díreach nó go hindíreach ar dhaoine aonair, lena n-áirítear ionchúisitheoirí. Dá bhrí sin, contrártha leis an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, **níor**

thug an cinneadh sin aon chearta dá chomhaltaí, ionas nach féidir a mheas go bhfuil éifeachtaí díreacha aige ar a staid dhlíthiúil.

Ní chiallaíonn an fíoras gur aithin an Chúirt éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna ³ *per se* gur gá go mbeadh cearta comhfhreagracha ag ionchúisitheoirí i gceist leis na tagarmharcanna sin, ar a bhféadfaidís brath go díreach os comhair na cúirte náisiúnta. Mar thaca leis an gcinneadh sin, tugann an Chúirt Ghinearálta faoi deara gur thuig an Chúirt Bhreithiúnais éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna, ní trí na cearta agus/nó na hoibleagáidí a eascraíonn astu i leith daoine aonair ⁴, ach ón dearcadh go n-áirítear freisin i bprionsabal na héifeachta dírí an oibleagáid atá ar na gcúirteanna náisiúnta aon reachtaíocht nó cásdlí náisiúnta atá contrártha le dlí an Aontais a fhágáil gan feidhm.

Sonraíonn an Chúirt Ghinearálta, **in aon chás, go gciallódh éifeacht dhíreach na dtagarmharcanna go bhféadfadh daoine aonair agóid a dhéanamh i gcoinne dhíothú na dtagarmharcanna sin, gan a léiriú go ndéanann an bhaint sin ann féin dochar díreach agus aonair dá seasamh dlíthiúil**, rud nach léirítear sa chás seo.

Tagann an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid nach raibh éifeacht dhíreach ag Cinneadh 2006/928 ar an iarratasóir agus, dá bhrí sin, ar an gcinneadh atá faoi chonspóid ach an oiread, a fhágann nach féidir leis an iarratasóir seasamh chun imeachtaí a thionscnamh. Mar sin féin, meabhraíonn sí, **d'ainneoin aisghairm Chinneadh 2006/928 lena mbunaítear SCF, go bhféadfadh ionchúisitheoirí atá faoi réir imeachtaí araíonachta fós brath ar an gcosaint bhreithiúnach a fhaigheann siad ó dhlí an Aontais faoi Airteagal 19 CAE.**

Ar deireadh, cuireann an Chúirt in iúl nár cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag léiriú na gcoinníollacha maidir le hinghlacthacht caingne le haghaidh neamhniú i bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, na coinníollacha a leagtar síos go sainráite sna Conarthaí a chur i leataobh.

NÓTA: Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ghinearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

NÓTA: Laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ghinearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an ordaithe ar shuíomh gréasáin CURIA.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Cinneadh 2006/928/CE](#) ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe

² [Cinneadh \(AE\) 2023/1786](#) ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe.

³ Breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile, [C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19](#), mír 249).

⁴ Sa chiall a eascraíonn as an gcásdlí a d'eascair as breithiúnas an 5 Feabhra 1963, van Gend & Loos, [26/62](#).